



*An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe
An Cathaoirleach*

30.3.2020

An tUas. Johan Van Overtveldt
An Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le líontán sábhála chun tairbhithe chláir AE a chosaint: plean teagmhasach CAI a chur ar bun (2020/2051(INL))

A Uasail Van Overtveldt,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe tuairim a chur faoi bhráid do choiste. An 27 Márta 2020, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litir trí nós imeachta i scríbhinn.

Rinne an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe breithniú ar an ábhar trí nós imeachta i scríbhinn an 27 Márta 2020. Chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

Le dea-mhéin,

(sínithe) Norbert Lins

MOLTAÍ

- ag féachaint don Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh na tacaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013, agus (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus lena leithdháileadh i leith na bliana 2021 agus lena leasaítear Rialacháin Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gur i bhfeidhm sa bhliain 2021¹,
- A. de bhrí gur mhol an Coimisiún cheana, an 31 Deireadh Fómhair 2019, rialachán lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh na tacaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear rialacháin ábhartha eile;
- B. de bhrí, leis na bearta idirthréimhseacha atá beartaithe do CETFT agus do CERT, go bhfuil sé socraithe íocaíochtaí le tairbhíthe a ráthú tar éis na tréimhse a chumhdaítear faoin CAI reatha, agus á chur san áireamh go bhfuil forálacha áirithe ann atá le cinneadh ag na comhreachtóirí;
- C. de bhrí go bhféadfadh sé go mbeadh an togra sin mar bhonn le haghaidh forálacha idirthréimhseacha comhchosúla do chlár eile, ní hamháin ó thaobh réitigh theicniúla de ach freisin mar shampla de na héifeachtaí dearfacha a bhíonn ag tograí den sórt sin ar chobhsaíocht na n-earnálacha lena mbaineann;
- D. de bhrí, sa togra le haghaidh bearta idirthréimhseacha don CBT, gur lean an Coimisiún an prionsabal maidir leis na ról reatha a leathnú agus an deis a chur ar fáil úsáid a bhaint as airgead nua, gan rialacha nua a thabhairt isteach, rud a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach chun na bearta idirthréimhseacha a ghlacadh ar bhealach tráthúil;
- E. de bhrí, le linn na tréimhse idirthréimhse, go mbeifear ag dréim leis go gcomhlíonfaidh an earnáil agrairbhia na ceanglais uile atá ann cheana agus, dá bhrí sin, gur cheart an leibhéal reatha de chistiú CBT a choinneáil a ísle is féidir.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LE TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

MOLTAÍ Á N-IARRAIDH MAIDIR LE HINNEACHAR AN TOGRA

A. PRIONSABAIL AGUS AIDHMEANNA AN TOGRA

1. Cuirfear san áireamh le plean teagmhasach CAI an fasach a leagadh síos do chistiú CAP tar éis 2020, i gcás ina raibh bearta idirthréimhseacha beartaithe cheana ag an gCoimisiún

¹ COM(2019)581.

do CETFT agus do CERT, go háirithe trí róil reatha a leathnú, agus gan eilimintí ó na hidirphléití maidir le cláir earnálacha nua a thabhairt isteach, ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis sin.